OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

Cód: QA205
Teideal: **Polasaí maidir le Gníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht**
Dáta: 21 Meán Fómhair 2021
Faomhadh: An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí

1. Cuspóir

Tá tiomantas tugtha i '*bPlean Straitéiseach Ollscoil na Gaillimhe 2020-2025'* agus i *'Straitéis Inbhuanaitheachta Ollscoil na Gaillimhe 2021–2025' go nglacfar ceannaireacht maidir le bunús a thabhairt don aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe trínár ngníomhaíochtaí agus tionchair teagaisc agus taighde; agus go bhforbrófar treochlár chun bogadh go huaillmhianach i dtreo na neodrachta ó thaobh carbóin de faoi 2030.* Is sínitheoir do 'Chomhaontú *SDG' í Ollscoil na Gaillimhe*, agus dá réir tá *gealltanas* tugtha go gcinnteofar go mbeidh gach *móriarrachtaí* ag teacht *le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), spriocanna agus táscairí na Náisiún Aontaithe (NA), lena n-áirítear trínár ngníomhaíochtaí oideachais, taighde, ceannaireachta, oibríochtúla agus rannpháirtíochta*. Mar chomhlacht poiblí faoin 'm*Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021'* tá ceangal ar Ollscoil na Gaillimhe a bheith chun tosaigh maidir le neodracht astaíochtaí a bhaint amach, faoi 2050.

Tugtar le fios sa ***Tuarascáil is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide***[1] mura dtarlóidh sé go ndéanfar laghduithe láithreach, tapa agus móra ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, go mbeidh sé dodhéanta teorainn a chur le téamh gar do 1.5°C, nó fiú 2°C. I bhfianaise na riachtanas suntasach reachtaíochta agus straitéiseach i réimsí an athraithe aeráide agus na hinbhuanaitheachta, is é cuspóir an Pholasaí um Ghníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht in Ollscoil na Gaillimhe ná (i) bainistíocht carbóin a leabú i ngach oibríocht agus próiseas de chuid na hOllscoile ar mhaithe le neodracht astaíochtaí a bhaint amach faoi 2050 ag teacht le hiarrachtaí domhanda chun téamh a theorannú go 1.5˚C. San áireamh sa Pholasaí maidir le Gníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht beidh astaíochtaí carbóin a thomhas agus iad sin a bhíonn ann a fhritháireamh le modhanna nádúrtha agus saorga agus (ii) go mbeimid chun cinn maidir leis an aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe trí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), spriocanna agus táscairí a leabú inár gcuid móriarrachtaí, lena n-áirítear oideachas, taighde, ceannaireacht, seirbhísí tacaíochta gairmiúla, oibríochtaí agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta.

2 Spriocanna na hOllscoile maidir le Gníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht

Forbróidh Ollscoil na Gaillimhe treochlár chun bogadh go huaillmhianach i dtreo a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoin mbliain 2030 Ag teacht leis an 'm*Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021',* tá tiomantas tugtha ag Ollscoil na Gaillimhe aistriú chuig ollscoil saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa lena mbaineann teacht

[1] Faigh tuilleadh eolais faoi Thuarascáil an Phainéil Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide
https://www.ipcc.ch/2021/08/09/ar6-wg1-20210809-pr/

aniar ó thaobh na haeráide de, go mbeifir saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de tráth nach déanaí ná 2050.

Mar shínitheoir de 'Chomhaontú *SDG'*, tá sé mar aidhm ag Ollscoil na Gaillimhe a bheith chun tosaigh san aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe trí na SDGanna a leabú inár ngníomhaíochtaí oideachais, taighde, ceannaireachta, tacaíochta gairmiúla, oibríochtaí, riaracháin agus rannpháirtíochta go léir trí thógáil ar obair Chomhpháirtíocht Pobail agus Inbhuanaitheachta na hOllscoile (CUSP) agus a chur chuige chun foghlaim faoi inbhuanaitheacht, maireachtáil leis agus a bheith chun tosaigh ina leith.

3. Sainmhíniú

Is bailiúchán de *17 sprioc dhomhanda*[2] iad SDGanna an NA, Éire ina measc, atáthar ag súil go n-úsáidfidh ballstáit na NA, mar threoir chun dul i ngleic leis na dúshláin is práinní ar domhan lena n-áirítear deireadh a chur le bochtaineacht agus ocras agus rathúnas eacnamaíoch, cuimsiú sóisialta, inbhuanaitheacht comhshaoil, síocháin agus dea-rialachas a chinntiú do gach tír agus gach duine faoi 2030.

Is ionann *Comhaontú SDG* agus Comhfhreagairt Earnálacha na nOllscoileanna agus na gColáistí ar na Spriocanna Domhanda. Tá dhá chuspóir ag Comhaontú SDG: Ar an gcéad dul síos tá sé chun an ról ríthábhachtach atá ag an oideachas i seachadadh na SDGanna agus an luach a thugann sé do rialtais, do ghnó agus don tsochaí i gcoitinne a spreagadh, a cheiliúradh agus a chur chun cinn. Ar an dara dul síos, is tiomantas é an Comhaontú atá á dhéanamh ag institiúidí foghlama dá chéile chun níos mó a dhéanamh chun na spriocanna a bhaint amach, chun tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar dhul chun cinn gach sínitheora, agus é sin a dhéanamh ar bhealaí a roinneann an fhoghlaim lena chéile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tagraíonn *Athrú Aeráide* d'athruithe fadtéarmacha ar phatrúin aimsire an domhain nó ar an meánteocht. Cuireann raon leathan gás ar a dtugtar gáis cheaptha teasa (GHGanna) le hathrú aeráide. Is ionann carbón, i bhfoirm dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$), agus an príomhghás ceaptha teasa (GHG) a astaítear ar domhan. Is féidir astaíochtaí GHG agus tionchar eagraíochta ar an aeráid a thomhas i dtéarmaí astuithe $CO_2$ coibhéisí. Ciallaíonn *bainistíocht carbóin* ar an gcéad dul síos, tuiscint a fháil ar an áit a bhfuil astaíochtaí $CO_2$ na n-eagraíochtaí ag teacht as agus ansin plean a chur i bhfeidhm chun an carbón a laghdú/a dhíchur/fhritháireamh.

Sainmhínítear *neodracht ó thaobh carbóin de* le caighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta – PAS 2060 – a leagann amach ceanglais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chainníochtú, a laghdú agus a fhritháireamh. Ciallaíonn neodracht ó thaobh carbóin de a bhaint amach go gcaithfidh na hastaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le hOllscoil na Gaillimhe a bheith cúitithe go hiomlán ag laghduithe ar $CO_2$ nó cinn a bheith bainte agus éilithe ag Ollscoil na Gaillimhe, chun go mbeidh an líon glan $CO_2$ de chuid Ollscoil na Gaillimhe ag nialas, beag beann ar an tréimhse ama nó méid na n-astaíochtaí agus na cinn a baineadh. Is féidir le heagraíocht creidmheasanna a cheannach chun a bheith 'neodrach ó thaobh carbóin de'.

[2] Faigh tuilleadh eolais faoi na 17 Sprioc Dhomhanda ar láithreán Gréasáin na Náisiún Aontaithee https://sdgs.un.org/goals

Ciallaíonn Neodracht Astaíochtaí cothromaíocht fhoriomlán a bhaint amach idir gáis cheaptha teasa a astaítear agus iad siúd is féidir a thógáil amach as atmaisféar an domhain trí chórais nádúrtha nó shaorga, dá dtagraítear mar *chúiteamh*. Laghdaíonn eagraíocht neodrachta GHG a cuid astuithe de réir cosáin eolaíocht-bhunaithe, agus aon astuithe GHG atá fós inchurtha i leith Ollscoil na Gaillimhe á neodrú go hiomlán trí astuithe comhchosúla a bhaint as atmaisféar an domhain, gan creidmheasanna carbóin a cheannach, i gcomhréir le hiarrachtaí domhanda chun téamh a theorannú go 1.5$_{o}$C. Áirítear le teorainn na sprice neodrachta d'Ollscoil na Gaillimhe astuithe scóip dhomhanda 1, 2 agus 3 atá inchurtha i leith Ollscoil na Gaillimhe, mar a shainmhínitear sa Phrótacal Gáis Cheaptha Teasa – Caighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Corparáidigh[3].

Bunaíodh *Comhpháirtíocht Pobail agus Inbhuanaitheachta na hOllscoile (CUSP)* in 2015, faoi threoir an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí, chun a thaispeáint gur féidir le hollscoil a bheith ina heiseamláir don aistriú go dtí todhchaí inbhuanaithe. Is foireann dheonach ildisciplíneach é CUSP ar a bhfuil níos mó ná 30 mac léinn agus comhalta foirne ó gach cearn den champas mar aon le comhpháirtithe pobail, iad uile ag obair le chéile agus an aidhm choiteann acu an ollscoil a bhunú mar mhúnla institiúideach ceannródaíoch don inbhuanaitheacht. Feidhmíonn CUSP trí bhord ildisciplíneach - Bord Ginearálta CUSP. Soláthraíonn Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile maoirseacht straitéiseach ar thiomantas Ollscoil na Gaillimhe don inbhuanaitheacht mar atá mionsonraithe sa Phlean Straitéiseach, sa Straitéis Inbhuanaitheachta, i gComhaontú SDG agus sa Pholasaí um Ghníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheachta. Leagtar amach sna Téarmaí Tagartha Inbhuanaitheachta róil, freagrachtaí agus bunreacht Bhord Ginearálta CUSP agus Bhord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile.

In Ollscoil na Gaillimhe, glacaimid le cur chuige *Foghlaim, Mair*, *Spreag* maidir le hinbhuanaitheacht. Is é aidhm na *foghlama* an fhoghlaim faoin inbhuanaitheacht a leabú i ngach gné de chleachtas, d'fhoghlaim agus de thaighde na hollscoile, ionas gur féidir lenár bpobal ar an gcampas an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a fháil chun smaointeoireacht inbhuanaithe agus cinnteoireacht a éascú sa domhan mór; is é an aidhm atá le *mair* prionsabail na hinbhuanaitheachta a chur chun feidhme trí oibríochtaí ar an gcampas, ionas go dtuigfidh ár bpobail an tábhacht a bhaineann le maireachtáil inbhuanaithe i ngach gné dá saol agus go mbeidh luach acu ar a gceangal leis an gcomhshaol fisiceach, le héiceachórais agus leis an mbithéagsúlacht; is é an fócas atá le *spreag* an campas a fhorbairt chun bheith ina eiseamláir don inbhuanaitheacht agus comhpháirtíochtaí a chothú idir an pobal agus an ollscoil ionas go n-oibreoimid ar fad le chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inbhuanaitheachta áitiúla agus domhanda.

[3] https://ghgprotocol.org/sites/default/files/standards/ghg-protocol-revised.pdf

4. Rialachas agus Freagrachtaí

| Ról | Freagrachtaí |
|---|---|
| An tUachtarán | Mar Cheannaire agus Príomhoifigeach na hOllscoile, cuireann an tUachtarán ceannaireacht, tiomantas agus tacaíocht ar fáil do Pholasaí maidir le Gníomhú Aeráide |
| Oifig an Uachtaráin Ionaid & Meabhránaí | Is ionann an tUachtarán Ionaid agus Ceannaire UMT atá freagrach as feidhmiú inbhuanaitheachta na hOllscoile agus maoirsíonn sé/sí comhlíonadh an |
| Oifig an Phríomhoifigigh Oibriúcháin | Is ionann an Príomhoifigeach Oibriúcháin agus Ceannaire UMT atá freagrach as bheith neodrach ó thaobh carbóin de agus glan-astuithe nialasach a bhaint amach. |
| Foireann Bainistíochta na hOllscoile | Glacann siad le ról ceannaireachta i dtacú le comhtháthú gníomhaíochta aeráide agus inbhuanaitheachta i ngníomhaíochtaí laethúla agus ar gach leibhéal den |
| Cinn Scoile/Coláiste/Ionaid Taighde/Aonaid Tacaíochta & Ghairmiúla | Ní mór go n-áireofaí i bpleananna oibriúcháin bliantúla do gach scoil/coláiste/ionad taighde/Aonaid Tacaíochta & Ghairmiúla gníomhaíochtaí soiléire chun an Polasaí maidir |
| Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile | Maoirseacht straitéiseach a sholáthar ar thiomantas na hOllscoile don inbhuanaitheacht mar atá leagtha amach sa Pholasaí maidir le Gníomhú Aeráide agus |
| Bord Ginearálta CUSP | Táthar freagrach as an bPolasaí maidir le Gníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht na hOllscoile a fhorbairt bunaithe ar Pholasaí ábhartha Rialtais, ar Threoracha AE |